Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Márta 2019**
**(OR. en)**

**7613/19**

**SOC 225**
**EMPL 179**
**ECOFIN 312**
**EDUC 161**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 15 Márta 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6635/19 + COR 1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2019 agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (15 Márta 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2019 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 15 Márta 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2019 agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht**

AGUS AN MÉID A LEANAS Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI

1. I suirbhé bliantúil fáis 2019 ón gCoimisiún, leagtar amach na tosaíochtaí beartais le haghaidh fáis agus post san Aontas gona Bhallstáit sa bhliain 2019: infheistíocht ar ardcháilíocht a chur ar fáil, iarrachtaí athchóirithe a dhíriú ar an bhfás táirgiúlachta, ar an gcuimsitheacht agus ar cháilíocht na n-institiúidí, agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch mar aon le hairgeadas poiblí fónta a áirithiú.

2. Tá fás eacnamaíoch san Aontas i gcónaí agus níos mó fostaíochta ann ná mar a bhí riamh, ach níl sé sin ag dul chun sochair do gach saoránach agus do gach tír sa tslí chéanna. Níl sé ach ina thús, agus cúinsí eacnamaíochta mar atá, an méadú atá tagtha ar an éagothroime a chur ina cheart. Cé go bhfuil an tAontas, ar an mbóthar ceart, faoi láthair, sprioc de chuid Eoraip 2020 a chomhlíonadh go mbainfí ráta fostaíochta 75% amach, d'ainneoin an dul chun cinn atá déanta táthar fós i bhfad ar shiúl ón sprioc 20 milliún duine a thabhairt slán as an mbochtaineacht agus as an eisiamh sóisialta.

3. 6.7% an ráta dífhostaíochta a bhí san Aontas (agus 7.9% sa limistéar euro) i mí na Samhna 2018. Sa tríú ráithe den bhliain 2018, bhí 239.3 milliún duine fostaithe san Aontas, 15 mhilliúin níos mó duine ná an leibhéal is ísle a bhí ann le linn na géarchéime. Tá rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair ag dul i méid i gcónaí, agus ba iad oibrithe scothaosta an grúpa a raibh an méadú is mó ann ó thaobh ráta fostaíochta de sa bhliain a chuaigh tharainn. Mar sin féin, tá dífhostaíocht agus neamhghníomhaíocht eacnamaíoch an-ard ann i roinnt tíortha go fóill, go háirithe i measc daoine óga agus iad siúd atá ar bheagán oiliúna.

4. Tháinig laghdú nach beag ar sciar na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó i mbaol an eisiaimh shóisialta in 2017. Is faoi bhun an leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim in 2008 líon iomlán na ndaoine sin faoi láthair, agus breis agus cúig mhilliún duine ann a d'éirigh leo éalú ón mbochtaineacht nó ón eisiamh sóisialta le hais na bliana roimhe sin. Ar an mórgóir, áfach, tá difríochtaí móra idir na Ballstáit, tá roinnt tíortha ann inar cláraíodh sciartha níos mó daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, le hais na bliana 2008. Is dúshlán i gcónaí é, go háirithe i gcás leanaí, daoine faoi mhíchumas agus daoine de bhunadh imirceach agus iad i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. Tá an neamhionannas ioncaim, ar tháinig laghdú beag air den chéad uair riamh ó thús na géarchéime, fós níos airde ná an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim.

5. Tá cur chun feidhme an athchóirithe míchothrom ar fud an Aontais agus a bhuí leis na cúinsí eacnamaíochta atá measartha fabhrach tá deis ann athchóirithe struchtúracha a ghlacadh, darb aidhm an athléimneacht eacnamaíoch a mhéadú. Ba cheart tús áite a thabhairt do cholún Eorpach na gceart sóisialta a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus aird chuí á tabhairt ar a gcuid inniúlachtaí faoi seach le go bhféadfar cóineasú aníos i margadh an tsaothair, dálaí sóisialta agus caighdeáin maireachtála a chur chun cinn.

6. Tá Straitéis Eoraip 2020 ina creat straitéiseach fadtéarmach chun ceapadh beartais a threorú sa Seimeastar Eorpach, agus sna Treoirlínte do bheartas fostaíochta. Tá deireadh na tréimhse a chumhdaítear leis an straitéis Eoraip 2020 ag teannadh linn, agus ba cheart aird chuí a thabhairt ar chreat comharba a fhorbairt.

AGUS AN MÉID A LEANAS Á CHUR I dTREIS AICI

7. Tá feabhas tagtha ar chás mhargadh an tsaothair de bharr fás leanúnach eacnamaíoch, agus tá dlús i gcónaí faoin gcruthú fostaíochta. Mar sin féin, is lú go mór an méadú atá tagtha ar líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear ná an fhostaíocht ina hiomláine. Bhí fíorfhás pá fós chun deiridh ar ann táirgiúlacht i roinnt de na Ballstáit sa bhliain 2017 agus tá sé fós faoin leibhéal lena mbeifí ag súil, i bhfianaise mhargadh an tsaothair agus feidhmiú eacnamaíoch atá fabhrach. Níorbh ann ach sa bhliain 2018 a tháinig feabhas air. Tá bochtaineacht lucht oibre coitianta go maith agus baineann dúshlán mór i gcónaí leis an deighilt i margadh an tsaothair i roinnt Ballstát. Is den tábhacht i gcónaí go ndíreofaí ar cháilíocht agus ar chainníocht na fostaíochta araon, go háirithe mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na teicneolaíochtaí nua, an domhandú agus cineálacha nua oibre ar an margadh saothair.

8. Is príomhthosaíochtaí iad an athoiliúint agus an uasoiliúint le go bhféadfar margadh cuimsitheach saothair a áirithiú, agus lántairbhe a bhaint as na hathruithe tapa atá ag teacht ar an teicneolaíocht. Is iad na hoibrithe ar bheagán oiliúna is mó atá i mbaol go gcaillfidís a bpost: is práinní ná riamh é go ndíreodh na beartais ar dheiseanna oiliúna forbartha a fheabhsú i gcás dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar oiliúint nó nach bhfuil ach rochtain theoranta acu uirthi nó gur beag acmhainneacht atá acu oiliúint a lorg lasmuigh den obair, lena áirithiú go bhféadfaidís tairbhe a bhaint as na hathruithe teicneolaíochta. Sna beartais ba cheart go leanfaí d'aghaidh a thabhairt ar an neamhréir scileanna, go háirithe sna hearnálacha is mó ar dócha go ndéanfadh na treochtaí atá ag teacht chun cinn difear dóibh. Is mór an t-ábhar imní é an comhghaol láidir leanúnach idir torthaí laga oideachais agus stádas íseal socheacnamaíoch agus torthaí i margadh an tsaothair.

9. Ba cheart lántairbhe a bhaint as an acmhainneacht i margadh an tsaothair a bhaineann le grúpaí, a bhfuil tearcionadaíocht á déanamh orthu. Ní mór lánpháirtiú daoine de bhunadh imirceach, daoine ar bheagán oiliúna, daoine óga, agus daoine faoi mhíchumas a neartú. Bheadh straitéisí um aosú gníomhach lena gcumasófar oibrithe scothaosta chun fanacht i margadh an tsaothair ar feadh níos mó ama ina gcuidiú chun dul i ngleic leis an dúshlán déimeagrafach. A bhuí le rochtain níos leithne ar chúram leanaí atá inacmhainne agus ar ardcháilíocht agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus beartais leordhóthanacha le haghaidh cothromaíocht oibre is saol, dhéanfaí tuilleadh deiseanna a chruthú do mhná agus d'fhir dul i mbun fostaíochta nó fanacht san fhostaíocht agus dhéanfaí baol na bochtaineachta agus baol an eisiaimh shóisialta a laghdú i measc leanaí agus daoine ar leochaileach dá gcás. Tá iarrachtaí á ndéanamh ag na Ballstáit feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí cúraim, cé gurb ann do dhifríochtaí móra ó thaobh soláthair de i gcónaí. Is iomaí athchóiriú a rinneadh ar na seirbhísí poiblí fostaíochta, agus tháinig feabhas ar sholáthar seirbhísí i gcuid mhaith tíortha dá bharr. Mar sin féin, is mór an difear atá ann ó thaobh acmhainneacht na seirbhísí poiblí fostaíochta idir tíortha agus laistigh díobh. D'fhéadfaí feabhas a chur ar chuimsiú agus comhordú na seirbhísí sóisialta agus ar a éifeachtaí atá siad, mar aon le feabhas a chur ar éifeachtacht agus inbhuanaitheacht bheartais ghníomhacha an mhargaidh saothair.

10. Mar gheall ar na cúinsí eacnamaíochta fabhracha agus forbairtí i margadh an tsaothair tháinig feabhsuithe nach beag ar an staid shóisialta. Ina dhiaidh sin féin, is léir go bhfuil bearnaí ann ó thaobh a chuimsithí atá an fás sin, ós rud é go bhfuil ioncaim theaghlaigh ag méadú ar ráta níos moille, le hais OTI. Tá doimhneacht na bochtaineachta ag dul i laghad, de réir bhearna na bochtaineachta, i roinnt de na Ballstáit. I mBallstáit áirithe, tá tionchar tomhaiste na n-aistrithe sóisialta maidir le laghdú na bochtaineachta ag dul i laghad i gcónaí.

11. Neartaíonn infheistíochtaí sóisialta agus bealaí cur chuige coisctheacha acmhainneacht daoine aonair a bheith rannpháirteach go gníomhach sa tsochaí agus sa gheilleagar le go mbeadh fás cuimsitheach ann. Is infheistíocht shóisialta éifeachtach í cúram agus oideachas na luath-óige chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas agus na dúshláin atá ag leanaí faoi mhíbhuntáiste. Ina theannta sin, tá éifeachtúlacht agus rochtain níos fearr ar ghníomhaíochtaí coisctheacha, mar aon le cúram sláinte leigheasach ar ardcháilíocht, bunriachtanach le go mbeadh pobail fholláine ghníomhacha ann, ag cur, ar an gcaoi sin, le folláine shóisialta agus rathúnas eacnamaíoch. Tá seirbhísí eile amhail oideachas, oiliúint agus tithíocht, in éineacht le tacaíocht ioncaim agus tacaíocht leordhóthanach do (ath-)lánpháirtiú mhargadh an tsaothair riachtanach i gcás dóibh siúd atá in ann obair a dhéanamh lena áirithiú go mbeadh comhionannas deiseanna ann do chách agus an comhtháthú sóisialta a neartú. Féadfaidh gníomhaíochtaí eile i réimsí ceaptha cánach agus leordhóthanachta liúntais cur lena chuimsithí atá an fás sin agus an bhochtaineacht a mhaolú.

12. Leanann na Ballstáit de bhearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach agus ar an ionchas saoil atá ag dul i méid. Tá iarrachtaí leanúnacha ag teastáil chun go mbeifí in ann dul i ngleic leis an tionchar a bheidh ag aosú an phobail san Eoraip le go bhféadfaí leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht chóras na bpinsean, fócas agus infheistíocht i seirbhísí ardcháilíochta (go háirithe chun an rochtain ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach a áirithiú), mar aon le beartais níos fearr a bheith ann ó thaobh coisc, athshlánú agus maireachtáil neamhspleách de.

13. Ós rud é go bhfuil cineálacha nua oibre ag teacht chun cinn agus go bhfuil líon na n-aistrithe le linn an tsaoil oibre ag dul i méid, is gá soláthar rochtana ar chosaint shóisialta do gach oibrí a bheith ann, lena n-áirítear oibrithe neamhchaighdeánacha agus daoine féinfhostaithe, agus na difríochtaí struchtúracha sna córais cosanta sóisialta idir na Ballstáit á gcur san áireamh. Tá an nuálaíocht agus oiriúnú na gcóras cosanta sóisialta riachtanach chun go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar chineálacha nua oibre agus dúshláin fostaíochta amach anseo.

14. Is dlúthchuid de gheilleagar sóisialta margaidh na hEorpa an t-idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil, ainneoin go bhfuil difear nach beag ann i dtaobh na rannpháirtíochta i measc na mBallstát. Agus na hathchóirithe idir lámha, féadfaidh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta feabhas a chur ar cheapadh agus cur chun feidhme na n-athchóirithe sin, úinéireacht i measc na saoránach a mhéadú agus d'fhéadfadh go mbeadh torthaí socheacnamaíocha níos fearr ann ar deireadh. Ba cheart a áirithiú go bhfuil a ndóthain acmhainneachta ag na comhpháirtithe sóisialta chun bheith rannpháirteach sa díospóireacht bheartais. Bheadh ról tábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sóisialta dá mbeidís rannpháirteach chun a áirithiú go ndéanfaí na hathchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach.

15. Ní mór machnamh a dhéanamh ar chreat straitéiseach cuimsitheach nua chun ceapadh beartais a threorú a luaithe agus a thiocfaidh deireadh le Straitéis Eoraip 2020. I gcás creat straitéiseach dá leithéid, ní mór béim ar leith a bheith ar na réimsí sóisialta agus fostaíochta, a bhaineann le réimsí ábhartha eile beartais. Ba cheart an creat a bheith ag teacht le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

16. Ba cheart na ceachtanna a foghlaimíodh a chuimsiú sa straitéis sin ó thaobh spriocanna Eoraip 2020 a úsáid agus faireachán a dhéanamh ar an straitéis. Ní mór tógáil ar phróisis an tSeimeastair Eorpaigh faoi mar a rinneadh iad a fhorbairt le blianta beaga anuas agus Straitéis á cur chun feidhme amach anseo. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh é go bhfuil an obair sa Choiste Fostaíochta agus sa Choiste um Chosaint Shóisialta faoi lán seoil cheana chun meastóireacht a dhéanamh ar eispéireas Eoraip 2020 agus beidh sí ina cuidiú agus plé ar bun amach anseo.

IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AR NA BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tosaíochtaí an tsuirbhé bhliantúil fáis agus na tuarascála comhpháirtí ar fhostaíocht a léiriú ina gcláir náisiúnta um athchóiriú agus colún Eorpach na gceart sóisialta a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus aird chuí á tabhairt ar a n-inniúlachtaí faoi seach

- moltaí tír-shonracha 2018 a chur chun feidhme

- dlús a chur lena n-iarrachtaí spriocanna Eoraip 2020 a bhaint amach

- leas a bhaint as an Scórchlár Sóisialta, as an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta chun a n-iarrachtaí cóineasaithe a threorú

- an chomhfhís atá acu a fhorbairt faoina gcuirfí in áit straitéis Eoraip 2020, go háirithe maidir le gnéithe gaolmhara fostaíochta agus sóisialta

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN an méid a leanas a dhéanamh:

- a áirithiú go ndéanfar saincheisteanna fostaíochta agus sóisialta a áireamh mar is iomchuí sa mheastóireacht ar bheartais na mBallstát
- a mharana a dhéanamh ar thorthaí straitéis Eoraip 2020 chun treoir a chur ar fáil maidir leis an méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na creataí straitéiseacha a bheadh ann amach anseo

IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA an méid a leanas a dhéanamh:

- measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ionsar spriocanna Eoraip 2020 mar aon leis na huirlisí a úsáidtear chun an straitéis a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi, ionas gur féidir tuarascáil chríochnaitheach faoin straitéis Eoraip 2020 a chur ar fáil don Chomhairle, mar aon le bonn a chur faoi sheasamh ón gComhairle maidir le creat straitéiseach amach anseo
- leanúint den obair atá idir lámha acu maidir le faireachán agus thagarmharcáil a dhéanamh ar bhonn iltaobhach téamach, agus maidir le faireachán a dhéanamh ar chásanna fostaíochta agus sóisialta sna Ballstáit trí bhíthin an Scórchláir, an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta chun bonn fianaise níos fearr a chur ar fáil don Chomhairle don idirphlé i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh
- dul ag obair i ndlúthchomhar le coistí comhairleacha agus comhpháirtithe eile, go háirithe an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, an Coiste Oideachais, an Mheitheal um an tSláinte Phoiblí ar Leibhéal Sinsearach, agus Líonra Eorpach na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí, lena n-áiritheofaí go gcuirfí san áireamh go cothrom sa Seimeastar Eorpach saincheisteanna eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta
- leanúint de bheith ag obair i ndlúthpháirt le comhpháirtithe sóisialta na hEorpa, agus an tsochaí shibhialta chun idirphlé éifeachtach sóisialta agus sibhialta a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.